



## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
|---------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                                                                                                                               |
| dáta a fuarthas:          | 2 Deireadh Fómhair 2026                                                                                                                                                                                                                                                                     |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                                                                                                                                                   |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 531 annex                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| Ábhar:                    | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS<br>ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is<br>infheidhme iad i Limistéar Feidhme Chomhaontú Iascaigh an Aigéin<br>Indiaigh Theas (SIOFA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 531 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 531 annex



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026  
COM(2026) 531 final

ANNEXES 8 to 12

## **IARSCRÍBHINNÍ**


**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN  
gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad i  
Limistéar Feidhme Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)**

## IARSCRÍBHINN 8

### Sonraíocht línte scanraithe éan le haghaidh soithí spiléir grinnill



1. Is í fairsinge aeir na líne scanraithe éan, is é sin an chuid sin den líne a iompraíonn na sraoilleáin, an chomhpháirt éifeachtach coiscthe i dtaca le héanlaith mhara a bhaineann le líne scanraithe éan. Moltar do shoithí fairsinge aeir na líne scanraithe éan a bharrfheabhsú agus a áirithiú go gcosnaíonn sí dorú an duáin chomh fada ar gcúl agus is féidir ón soitheach, fiú i gcrosghaotha.
2. Beidh an líne scanraithe éan ceangailte de chlébhord nó de dheasbhord an tsoithigh.
3. Beidh an líne scanraithe éan 150 méadar ar a laghad ar fad agus beidh réad tarraingthe ag an gceann chun na farraige chun teannas a chruthú ionas go ndéanfar an cumhdach aeir a uasmhéadú. Ba cheart an réad tarraingthe a choinneáil díreach taobh thiar den phointe ceangail den soitheach ionas go mbeidh fairsinge aeir na líne scanraithe éan thar dhorú an duáin i gcás crosghaoth.
4. Sraoilleáin bhraínseacha, a mbeidh gach ceann díobh comhdhéanta de dhá shnáithe d'fheadánra (nó corda) plaisteach ar dhathanna geala a mbeidh trastomhas d'íosmhéid 3 mhilliméadar ann, ceanglófar iad fad nach mó ná 5 mhéadar óna chéile, ag tosú 5 mhéadar ó phointe ceangail na líne scanraithe éan den soitheach agus ina dhiaidh sin feadh fairsinge aeir na líne scanraithe éan. I gcás ina n-úsáidfear feadánra le haghaidh na sraoilleán brainseach, ba cheart go mbeadh an feadánra den chineál a mhonaraítear chun go gcosnófar ar radaíocht ultraivialait é.
5. Réimse idir íosmhéideanna 6,5 méadar ón deireadh go 1 mhéadar le haghaidh an chinn chun farraige a bheith i bhfad na sraoilleán. Nuair a bheidh líne scanraithe éan curtha in úsáid go hiomlán, beidh fad na sraoilleán brainseach leordhóthanach chun dromchla na farraige a shroicheadh nuair nach ann do ghaoth ná mórtas farraige. Ba cheart sclóinte nó gaireas comhchosúil a chur ar an líne scanraithe éan sa chaoi nach gcasfar na sraoilleáin thart ar an líne scanraithe éan. D'fhéadfadh sclóin nó gaireas eile a bheith ag gach sraoilleán brainseach ag a phointe ceangail den líne scanraithe éan, chun cosc a chur ar shalú na sraoilleán aonair.
6. Iomprófar líne scanraithe éan sa bhreis agus úsáidfear í i gcás líne scanraithe éan a chailleadh nó damáiste a dhéanamh di.

**Soithí spiléir grinnill  $\geq 25$  mhéadar ar fad**

7. Beidh gach líne scanraithe éan ar crochadh ó phointe 7 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an phointe ag a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.

**Soithí spiléir grinnill < 25 mhéadar ar fad**

8. Beidh an líne scanraithe éan ar crochadh ó phointe 6 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an phointe ag a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.

9. Féadfar sraoilleáin a mhodhnú ar feadh na chéad 15 m chun cosc a chur ar dhul in aimhréidh.

10. Ba cheart fairsinge aeir 75 mhéadar ar a laghad a bheith bainte amach ag an líne scanraithe éan nuair a shocraítear ag > 4 mhuirmhíle í nó ag 50 méadar nuair a shocraítear ag luasanna < 4 mhuirmhíle í.

## **IARSCRÍBHINN 9**

### **Sonraíocht gaireas eisiaimh éan le haghaidh spiléir ghrinnill**

Beidh na saintréithe oibríochtúla seo a leanas sna gairis eisiaimh éan:

7. díspreagadh éan ó eitilt díreach isteach sa limistéar ina bhfuil an líne á tarlú; agus
8. éin atá ina suí ar an dromchla a chosc ó shnámh isteach i limistéar bhá an tarlaithe.

## IARSCRÍBHINN 10

### Bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara le haghaidh báid spiléir pheiligigh

| Maolú                                                                                                 | Tuairisc                                                                                                                                      | Sonraíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Socrú oíche gan de shoilsiú deice ach a laghad is gá                                                  | Gan socrú a dhéanamh idir camhóir agus coineascar muirí. Gan ach a laghad is gá de shoilsiú deice a bheith ann.                               | Déantar coineascar muirí agus camhóir mhuirí a shainmhíniú faoi mar a leagtar amach iad i dtáblaí an Almanais Loingseoireachta maidir leis an domhanleithhead ábhartha, an t-am áitiúil ábhartha agus an dáta ábhartha. Níor cheart na híoschaighdeáin sábháilteachta agus loingseoireachta a shárú leis an soilsiú íosta deice.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| Línte scanraithe éan (éan-línte), i gcomhréir leis na sonraíochtaí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn V. | Cuirfear línte scanraithe éan in úsáid agus trealamh spiléir á shocrú chun an ruaig a chur ar éin ó theacht i ngiorracht don líne thitimeáin. | <p>I gcás soithí atá níos faide ná nó cothrom le 35 m:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Is ceart ar a laghad líne amháin scanraithe éan a chur in úsáid. Más indéanta, moltar do na soithí an dara cuaille scanraithe éan agus an dara héan-líne a úsáid tráth a bhíonn líon mór éan ann nó cuid mhór gníomhaíochta éan ann; is ceart an dá líne scanraithe éan a chur in úsáid an tráth céanna, ceann ar gach taobh den dorú atá á shocrú.</li> <li>- Ní mór fairsinge aeir na línte scanraithe éan a bheith níos faide ná nó cothrom le 100 m.</li> <li>- Is ceart úsáid a bhaint as sraoilleáin fhada atá sách fada le go sínfeadh siad chomh fada le dromchla na farraige in aimsir chiúin.</li> <li>- Ní mór na sraoilleáin fhada a bheith ag eatraimh nach faide ná 5 m.</li> </ul> <p>I gcás soithí ar lú iad ná 35 m:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Is ceart ar a laghad líne amháin scanraithe éan a chur in úsáid.</li> <li>- Ní mór an fairsinge aeir a bheith níos faide ná nó cothrom le 75 m.</li> <li>- Is gá sraoilleáin atá fada agus/nó gearr (ach níos faide ná 1 m ar fad) a úsáid agus iad ceangailte ag</li> </ul> |

| Maolú              | Tuairisc                                          | Sonraíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
|--------------------|---------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                    |                                                   | <p>eatrainmh mar a leanas:</p> <p>o Gearr: eatrainmh nach faide ná 2 m a bheith eatarthu.</p> <p>o Fada: eatrainmh nach faide ná 5 m a bheith eatarthu feadh an chéad 55 m den líne scanraithe éan.</p> <p>Soláthraítear treoirlínte breise maidir le dearadh agus cur in úsáid línte scanraithe éan in Iarscríbhinn V.</p> |
| Meáchan ar an líne | Meáchain líne a chur ar an snúda sula socrófar é. | <p>Níos mó ná 45 g ina iomláine ceangailte taobh istigh de 1 m ón duán nó;</p> <p>Níos mó ná 60 g ina iomláine ceangailte taobh istigh de 3,5 m ón duán nó;</p> <p>Níos mó ná 98 g ina iomláine ceangailte taobh istigh de 4 m ón duán.</p>                                                                                 |

## **IARSCRÍBHINN 11**

### **Treoirlínte maidir le soithí tráil le haghaidh maolú ar éanlaith mhara**

1. I dteannta na bhforálacha in Airteagal 15(1), ba cheart do na Ballstáit aon trálaer iascaireachta atá faoina mbratach agus atá ag oibriú i limistéar SIOFA ó dheas ó 25° ó Dheas a spreagadh chun na bearta maolaithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:
  - 1.1. Ba cheart do shoithí, más féidir, nósanna imeachta scaoilte agus tarlaithe a ghlacadh lena n-íoslaghdófar an t-am a bheidh an eangach suite ar dhromchla an uisce agus na mogaill scaoilte. Níor cheart, a mhéid is féidir, cothabháil eangaí a dhéanamh agus an eangach san uisce;
  - 1.2. Ba cheart eangacha a ghlanadh roimh scaoileadh chun iarmhar éisc nó rudaí eile a d'fhéadfadh éanlaith mhara a mhealladh a bhaint.
  - 1.3. Níor cheart scairteach ná ábhar muirí aischurtha a sceitheadh díreach roimh threalamh iascaireachta a chur in úsáid nó a aisghabháil nó lena linn. Sainmhínítear tréimhse an chur in úsáid mar an tréimhse ó scaoileadh na heangaí go dtí go scaoilfear na doirse, is é is aisghabháil ann an t-am idir na doirse a cheangal ag deireadh an tsoithigh go dtí go mbeidh an eangach ar deic;
  - 1.4. Ba cheart maolú ar éanlaith mhara a chur in úsáid, más féidir, le linn oibríochtaí iascaireachta chun cosc a chur ar éanlaith mhara eitilt timpeall dheireadh an tsoithigh nó chun cosc a chur ar éanlaith mhara idirghníomhú leis an trealamh iascaireachta;
    - i. Má úsáidtear 'Sciatha éan', ba cheart iad a chur in úsáid sula gcuirfear in úsáid an trealamh iascaireachta, agus ba cheart iad a choinneáil i bhfeidhm go dtí go dtógfar an trealamh iascaireachta uile ón uisce (féach an sampla i bhFíor 1);
    - ii. Má úsáidtear línte scanraithe éan (féach na sonraíochtaí samplacha i bhFíor 2), ba cheart iad a chur in úsáid díreach tar éis scaoileadh agus iad a aisghabháil roimh tharlú.
  - 1.5. Ba cheart do shoithí ábhair a iompar chun línte scanraithe éan a thógáil, a athsholáthar agus a dheisiú i gcás athruithe ar fhlúirse nó ar iompraíocht éanlaithe mara (pointe 1.2).
2. I gcás ina mbeidh soitheach ina cúis le trí bhásmhaireacht nó níos mó d'éanlaith mhara atá faoi bhagairt sa bhliain féilire chéanna. I dteannta na bhforálacha in Airteagal 15(1) agus in Airteagal 42(3), ba cheart na bearta breise seo a leanas maidir le maolú ar éanlaith mhara a chur isteach le haghaidh an tsoithigh sin. Ba cheart na bearta breise seo a leanas a bheith i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na teagmhais agus go dtí go gcuirfear gníomhaíochtaí maolaithe iomchuí chun feidhme:
  - 2.1. Níor cheart aon scairteach ná ábhar muirí aischurtha a dhíluchtú díreach roimh threalamh iascaireachta a chur in úsáid nó lena linn ná díreach roimh threalamh iascaireachta a fháil ar ais nó lena linn. Sainmhínítear tréimhse an chur in úsáid mar an tréimhse ó scaoileadh na heangaí go dtí go scaoilfear na doirse, is é is aisghabháil ann an t-am idir na doirse a cheangal ag deireadh an tsoithigh go dtí go mbeidh an eangach ar deic;
  - 2.2. I gcás ina n-eascraíonn na básmhaireachtaí éanlaithe mara as imbhuailtí tarlaithe, ba cheart línte sraoilleáin scanraithe éan a chur in úsáid díreach tar éis scaoileadh agus iad a aisghabháil roimh tharlú, seachas má tá a gcur in úsáid ag teacht salach ar

thosaíochtaí sábháilteachta soithí i ndrochdhálaí farraige (féach na sonraíochtaí samplacha i bhFíor 2);

2.3. Níor cheart cáblaí faireacháin eangaí<sup>(1)</sup> a úsáid. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta:

- i. ba cheart snapbhloc a shuiteáil ag deireadh soithigh chun an cábla faireacháin eangaí a tharraingt gar don uisce agus, ar an gcaoi sin, a fhairsinge aeir a laghdú; agus
- ii. ba cheart línte scanraithe éan a chur in úsáid agus a shuíomh go sonrach chun éin a choimeád ó cháblaí faireacháin eangaí le linn iascaireachta.

Tar éis an próiseas athbhreithnithe sin a chur i gcrích, ba cheart forálacha phointe 1 a chur i bhfeidhm arís.

### **Sciatha éan**


1. Beidh dearadh agus cur ar an soitheach ag brath ar chruth an tsoithigh.
2. Ba cheart gach crann scóide a bheith ag síneadh amach 4 mhéadar ar a laghad ó thaobh nó ó dheireadh an tsoithigh (Fíor 1).
3. Ba cheart línte titimeáin a cheangal de na crainn scóide agus níor cheart iad a bheith níos mó ná 2 mhéadar óna chéile.
4. Ba cheart cóin phlaisteacha, slata plaisteacha nó ábhar daite marthanach eile a cheangal d'fhoircinn na línte titimeáin, ionas nach mbeidh bun an chóin, na slaite nó an ábhair níos faide ná 50 ceintiméadar os cionn an uisce, i gcás nach bhfuil gaoth ná mórtas farraige ann.
5. Féadfar línte nó uige a cheangal idir na línte titimeáin chun dul i bhfostú a chosc.

---


<sup>(1)</sup> Sainmhínítear cábla faireacháin eangaí (i.e. cábla sondálaí eangaí nó an tríú sreang) mar 'shreang a bhíonn ar crochadh go coitianta ón droichead tráil a ritheann chuig trealamh faireacháin eangaí atá ceangailte go díreach den eangach' (an Coinbhinsiún maidir le Beo-acmhainní Muirí san Antartach a chaomhnú).



*Fíor 1: Sciath éan a chur in úsáid. Cuirtear bac ar éanlaith mhara eitilt timpeall dheireadh an tsoithigh.*



© N. Gasco, M. Kauffmann



© N. Gasco, M. Kauffmann

*Fíor 2: Samplaí de línte scanraithe éan atá saor ón tarlú (a) nó nasctha leis an tarlú le seaicil (b).*

## IARSCRÍBHINN 12

### Formáid sonraí chun tuarascálacha suímh CFS a tharchur

#### 1. Iascach don Mhalartú Uilíoch (NA/FLUX)

Beidh na heilimintí sonraí éigeantacha i dTábla 1 ar a laghad i dtuarascálacha suímh CFS a sheoltar chuig CFS SIOFA trí LFI na mBallstát in NA/FLUX.

##### 1.1. Tábla 1: Eilimintí sonraí NA/FLUX

| Eilimint Sonraí                     | Sainordaith each/roghn ach | Nótaí                                                                                                                                                                                                |
|-------------------------------------|----------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Seolaí                              | S                          | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Cód 3-alfa tíre an tseolaí<br>Tabhair faoi deara: Cuid d'imchlúdach FLUX TL                                                                           |
| Ó                                   | S                          | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Seoltóir Cód 3-alfa tíre an tseoltóra                                                                                                                 |
| Aitheantóir teachtaireachta uathúil | S                          | UUID de réir RFC 4122 arna shainiú ag IETF                                                                                                                                                           |
| Dáta agus am an tarchuir            | S                          | An dáta agus an t-am a cruthaíodh an teachtaireacht in AUL, agus úsáid á baint as an bhformáid:<br>BBBB-MM-LL:uu:nn:ss[.000000]Z <sup>(1)</sup>                                                      |
| An Stát Brataí                      | S                          | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Bratach an Stáit Brataí, Cód 3-alfa na tíre                                                                                                           |
| Cineál teachtaireachta              | S                          | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Cineál teachtaireachta<br>Tá na cóid seo a leanas le húsáid:<br>IONTRÁIL: an chéad suíomh a taifeadadh tar éis dul isteach sa limistéar iascaireachta |

<sup>(1)</sup> BBBB= bliain; MM= mí, lena n-áirítear 0 tosaigh i gcás inar lú uimhir na míosa ná 10; LL = lá na míosa lena n-áirítear 0 tosaigh i gcás inar lú uimhir an lae ná 10; A = an litir A chun an chuid den roinn ama a chur in iúl; U24 = uaireanta an lae a shloinntear le 2 dhigit agus an nodaireacht 24 uair an chloig á húsáid; NÓ = nóiméid a shloinntear mar 2 dhigit; SS = soicindí a shloinntear mar 2 dhigit; [.000000]= go roghnach, féadfar codáin de shoicind a chuimsiú, gan na lúbíní a chuimsiú; C = crios ama, nach mór C a bheith ann (i.e. AUL).

|                                 |   |                                                                                                                                                                                                                                                                                 |
|---------------------------------|---|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                                 |   | <p>IMEAHT: an chéad teachtaireacht a taifeadadh tar éis imeacht as an limistéar iascaireachta</p> <p>SUÍOMH: suíomhanna a tarchuireadh le linn a bheith sa limistéar iascaireachta</p> <p>DE LÁIMH: suíomh arna tharchur de láimh</p>                                           |
| Comhartha aitheantais raidió    | S | Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Comhartha idirnáisiúnta glao raidió an tsoithigh (IRCS)                                                                                                                                                                               |
| Uimhir thagartha inmheánach PCN | R | Mionsonra de chuid an tsoithigh – Aitheantóir uathúil PCN an tsoithigh                                                                                                                                                                                                          |
| Aitheantóir Uathúil Soithigh    | R | Mionsonra de chuid an tsoithigh – Uimhir aitheantais IMO                                                                                                                                                                                                                        |
| Uimhir chlárúcháin sheachtrach  | R | Mionsonra de chuid an tsoithigh – An uimhir ar thaobh an tsoithigh                                                                                                                                                                                                              |
| Domhanleithead                  | S | <p>Mionsonra maidir le suíomh an tsoithigh - Suíomh ina chéimeanna agus ina chéimeanna deachúlacha CC.ccc (WGS-84)</p> <p>Comhordanáidí dearfacha le haghaidh suíomhanna ó thuaidh ón Meánchiorcal; Comhordanáidí diúltacha le haghaidh suíomhanna ó dheas ón Meánchiorcal.</p> |
| Domhanfhad                      | S | <p>Mionsonra maidir le suíomh an tsoithigh - Suíomh ina chéimeanna agus ina chéimeanna deachúlacha CC.ccc (WGS-84)</p> <p>Comhordanáidí dearfacha soir ó fhadlíne Greenwich; Comhordanáidí diúltacha siar ó fhadlíne Greenwich.</p>                                             |
| Cúrsa                           | S | Cúrsa an tsoithigh ar scála 360°                                                                                                                                                                                                                                                |
| Luas                            | S | Luas an tsoithigh ina mhuirmhílte san uair                                                                                                                                                                                                                                      |
| Dáta agus am                    | S | Mionsonra a bhaineann le suíomh an tsoithigh – dáta agus am taifeadta an tsuímh in AUL, agus                                                                                                                                                                                    |

|  |  |                                                                                   |
|--|--|-----------------------------------------------------------------------------------|
|  |  | úsáid á baint as an bhformáid<br>BBBB-MM-<br>LL:uu:nn:ss[.000000]Z <sup>(2)</sup> |
|--|--|-----------------------------------------------------------------------------------|

---

<sup>(2)</sup> Ibid.